# Snáithe 1 | Sláinte agus Folláine

| | |
|---|---|
| **Toradh Foghlama 1.3:** | Ba cheart go mbeadh an scoláire ábalta iniúchadh a dhéanamh ar noirm shóisialta, ar dhearcthaí agus ar chreidimh a bhaineann le halcól, tobac/vápáil agus úsáid substaintí |

## Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

Cuspóir Thoradh Foghlama **1.3** is ea feasacht chriticiúil an scoláire a fhorbairt maidir le noirm shóisialta, dearcthaí agus creidimh, a mbíonn tionchar acu ar an mbaint atá againn mar dhaoine aonair agus mar shochaí leis an alcól, le tobac/vápáil agus le húsáid substaintí, agus luachanna, noirm, creidimh agus dearcthaí a spreagadh a chuireann cosc ar mhí-úsáid alcóil agus substaintí. Spreagann an toradh foghlama seo an scoláire critíc a dhéanamh ar noirm shóisialta agus iad a cheistiú, agus go háirithe iad siúd atá dochrach nó nach léiríonn iompraíochtaí sláintiúla dar leis an scoláire. I bhfianaise úsáid mhéadaithe an channabais i measc daoine óga 17/18 mbliana d'aois,[1] ní mór díriú ar dhearcthaí agus ar chreidimh faoi úsáid channabais a scrúdú. Chomh maith leis sin, ní mór treochtaí dearfacha a dhearbhú, mar shampla líon méadaithe na ndéagóirí a roghnaíonn gan alcól a ól. Féach **We are falling out of love with booze: Why Ireland is drinking less – The Irish Times**.

**Noirm shóisialta:** na rialacha neamhscríofa a bhaineann le creidimh, dearcthaí, agus iompraíochtaí a mheastar gurb inghlactha iad i ngrúpa sóisialta nó cultúr áirithe.

## Cad é an bunús do chur chuige i leith noirm shóisialta?

Léiríodh in go leor suirbhéanna gur gnách go ndéanann daoine óga rómheastachán ar fhorleithne (iompar) agus ar ghlacadh le (dearcthaí) húsáid alcóil agus substaintí i measc a gcuid piaraí. Sna déaga, bíonn tionchar láidir ar dhaoine óga ag an méid a shíleann siad a bheith normálta i measc a gcuid piaraí. Mar shampla, má shíleann siad gur norm i measc a gcuid piaraí é ragús óil, is dóichí go mbeadh an creideamh/dearcadh acu go bhfuiltear ag súil le go ndéanfaidís féin amhlaidh, agus tugann siad faoi ansin. Is féidir leis an mbrú sin a ndúchas féin a shárú, mar aon leis an méid a d'fhoghlaim siad faoin dainséar a bhaineann le go leor alcóil a ól, agus drochthionchar an tobac, an channabais agus drugaí eile.

Meastar go bhfuil an cur chuige norm sóisialta i leith oideachais faoi dhrugaí níos éifeachtaí ná gnáthchuir chuige a bhíonn ag brath ar eolas a chur ar fáil faoi dhrochthionchar an alcóil agus na húsáide substaintí. De réir a chéile, táthar ag meas nach bhfuil sé éifeachtach a bheith ag brath ar chuir chuige dá leithéid sin, maidir leis an úsáid substaintí i measc daoine óga a chosc, a mhoilliú nó a laghdú. (Foinse **The social norms approach to tackling substance use – Drugs and Alcohol**)

## Ceisteanna féideartha le hiniúchadh tríd an toradh foghlama seo:

- An bhfuil gach duine á dhéanamh? Déan scrúdú ar an bhfianaise a bhaineann leis an úsáid a bhaineann daoine óga as alcól, tobac/galtoitíní, cannabas agus drugaí eile. (Leag béim ar threochtaí dearfacha agus diúltacha araon)
- Cén chuma a bheadh ar chur chuige dearfach i leith an alcóil agus na ndrugaí do dhaoine óga? Céard iad na bacainní a bheadh romhat é sin a bhaint amach agus conas is féidir iad a shárú? (m.sh. an féidir leat bealaí eile chun bualadh le daoine a shamhlú nach bhfuil baint ag alcól ná drugaí leo?)

[1] Bileog Eolais HRB, Iúil 2024 (**drugsandalcohol.ie**)

**Tabhair faoi deara:** D'fhéadfadh cuid den phlé a bheith deacair don scoláire. D'fhéadfadh imní a bheith air faoin úsáid a bhaineann sé féin as alcól nó drugaí, nó d'fhéadfadh imní a bheith air faoi bhaill dá theaghlach nó faoi chairde leis. Ar an ábhar sin, moltar don mhúinteoir aghaidh a thabhairt ar an toradh foghlama seo go cáiréiseach, agus aird a tharraingt ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí ábhartha.

### Foghlaim leantach fhéideartha ó TF 1.3

Tionchar an alcóil agus na ndrugaí a chuireann athrú giúmair ort (TF **1.5**), na conairí i dtreo na handúile, comharthaí agus iarmhairtí na handúile agus an áit le dul agus an chaoi le rochtain a fháil ar chúnamh (TF **1.9**) cearta, freagrachtaí agus cosaintí faoin dlí maidir le húsáid alcóil agus drugaí (TF **3.4**) seasamh amach ón slua (TF **3.5**)

**Téigh chuig Uirlisí Úsáide OSPS le haghaidh acmhainní an tseomra ranga nasctha le TF 1.3**